DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH

Déanfaidh Ríocht na Beilge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Portaingéile, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice agus Poblacht na Fionlainne a seacht ndícheall chun próiseas daingniúcháin an Chomhaontaithe Leasaithigh seo a thabhairt chun críche an tráth céanna le próiseas daingniúcháin an Chomhaontaithe lena leasaítear an Conradh lena mBunaítear an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, i gcás inar féidir agus a gceanglais náisiúnta á gcur san áireamh, agus, in aon chás, a luaithe is gá chun an cúlstop coiteann a thabhairt isteach go luath, faoi mar a dhearbhaítear leis an gcinneadh polaitiúil dá dtagraítear i dTéarmaí Tagartha an Chúlstop Choitinn don Chiste Réitigh Aonair.

________________